



2026/1125

28.5.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1125 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Bealtaine 2026

lena bhfóirceannar na nósanna imeachta um athnuachan na n-údaruithe maidir le cadás géinmhodhnaithe MON 88913 (MON-88913-8), MON 15985 (MON-15985-7), MON 1445 (MON-Ø1445-2), MON 531 x MON 1445 (MON-ØØ531-6 x MON-Ø1445-2) agus MON 531 (MON-ØØ531-6) a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 3262)

(Is é an téacs Ollainnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe⁽¹⁾, agus go háirithe d'Airteagal 11(4) agus Airteagal 23(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/688 ón gCoimisiún⁽²⁾ údaraíodh bia agus beatha a chur ar an margadh, ar bia agus beatha iad ina bhfuil cadás géinmhodhnaithe MON 88913, nó atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as (MON-88913-8). Cumhdaítear le raon feidhme an údaraíthe sin freisin táirgí, seachas bia agus beatha, a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil cadás géinmhodhnaithe MON 88913 nó atá comhdhéanta de, le haghaidh na n-úsáidí céanna atá le cadás d'aon chineál eile, cé is moite de shaothrú.
- (2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/685 ón gCoimisiún⁽³⁾ údaraíodh cadás géinmhodhnaithe MON 15985 (MON-15985-7) a chur ar an margadh agus rinneadh an t-údarú maidir le táirgí cadáis ghéinmhodhnaithe MON 15985 atá ann cheana a athnuachan.
- (3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/693 ón gCoimisiún⁽⁴⁾ rinneadh an t-údarú maidir le táirgí cadáis ghéinmhodhnaithe MON 1445 (MON-Ø1445-2) atá ann cheana a athnuachan.
- (4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/695 ón gCoimisiún⁽⁵⁾ rinneadh an t-údarú maidir le táirgí cadáis ghéinmhodhnaithe MON 531 x MON 1445 (MON-ØØ531-6 x MON-Ø1445-2) a athnuachan agus údaraíodh ola síl cadáis a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe MON 531 x MON 1445 a chur ar an margadh.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1829/oj>.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/688 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil cadás géinmhodhnaithe MON 88913 (MON-88913-8), nó atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 112, 30.4.2015, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/688/oj).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/685 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 lena n-údaraítear cadás géinmhodhnaithe MON 15985 (MON-15985-7) a chur ar an margadh agus lena n-athnuaítear an t-údarú maidir le táirgí cadáis ghéinmhodhnaithe MON 15985 (MON-15985-7) atá ann cheana de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 112, 30.4.2015, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/685/oj).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/693 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 lena n-athnuaítear an t-údarú maidir le táirgí cadáis ghéinmhodhnaithe MON 1445 (MON-Ø1445-2) atá ann cheana de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 112, 30.4.2015, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/693/oj).

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/695 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 lena ndéantar an t-údarú maidir le táirgí cadáis ghéinmhodhnaithe MON 531 x MON 1445 (MON-ØØ531-6 x MON-Ø1445-2) atá ann cheana a athnuachan agus lena n-údaraítear ola síl cadáis a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe MON 531 x MON 1445 (MON-ØØ531-6 x MON-Ø1445-2) a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 112, 30.4.2015, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/695/oj).

- (5) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/689 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ rinneadh an t-údarú maidir le táirgí cadáis ghéinmhodhnaithe MON 531 atá ann cheana a athnuachan.
- (6) An 28 Feabhra 2024, an 29 Feabhra 2024, an 5 Márta 2024, an 7 Márta 2024, an 8 Márta 2024, faoi seach, rinne Bayer Agriculture B.V., atá bunaithe sa Bheilg, thar ceann Bayer CropScience LP, atá bunaithe sna Stáit Aontaithe ('an t-iarratasóir'), cúig iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, maidir leis na húdaruith a athnuachan de bhun na gcúig chinneadh údaráithe sin ('na cúig iarratas ar athnuachan').
- (7) Thug an Coimisiún sainordú don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') chun an measúnú riosca a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 i ndáil leis na cúig iarratas ar athnuachan.
- (8) An 13 Bealtaine 2025, d'eisigh an tÚdarás tuairim fhabhrach maidir leis an iarratas ar athnuachan an údaráithe maidir le cadás géinmhodhnaithe MON 88913 ⁽⁷⁾ a chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Tháinig sé ar an gconclúid nach raibh fianaise san iarratas ar athnuachan ar aon ghuais nua, nochtadh modhnaithe nó éiginnteacht eolaíoch nua a d'athródh conclúidí an mheasúnaithe riosca bunaidh ar chadás géinmhodhnaithe MON 88913, measúnú a d'eisigh an tÚdarás in 2013 ⁽⁸⁾.
- (9) Agus na conclúidí sin á gcur san áireamh, chuir an Coimisiún an dréachtchinneadh isteach lena n-athnuaithe an t-údarú maidir le cadás géinmhodhnaithe MON 88913 a chur ar an margadh, dréachtchinneadh atá le glacadh ag an mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.
- (10) I litir dar dáta an 28 Deireadh Fómhair 2025, d'iarr an t-iarratasóir go dtarraingeofaí siar na cúig iarratas ar athnuachan. Shonraigh an t-iarratasóir gurb é tarraingt siar na gcúig iarratas ar athnuachan an toradh ar chinneadh gnó scor de chadás géinmhodhnaithe MON 88913, MON 15985, MON 1445, MON 531 × MON 1445 agus MON 531 a chur ar an margadh san Aontas cé gur eisigh an tÚdarás tuairim fhabhrach cheana féin maidir le sábháilteacht ceann amháin acu, mar atá 88913.
- (11) Agus iarraidh an iarratasóra a cuireadh in iúl sa litir uaidh an 28 Deireadh Fómhair 2025 á cur san áireamh, leis an gCinneadh seo ba cheart an nós imeachta um na cúig iarratas ar athnuachan ar dá mbua a cuireadh síneadh le tréimhse údaráithe na dtáirgí go dtí go ndéanfar cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 11(4) agus Airteagal 23(4).
- (12) I litir dar dáta an 19 Eanáir 2026, chuir Bayer Agriculture B.V., atá lonnaithe sa Bheilg, an Coimisiún ar an eolas gur athraigh Bayer CropScience LP a fhoirm dhlíthiúil agus gur athraigh sé a ainm go Bayer CropScience LLC ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.
- (13) An fhaisnéis ábhartha uile maidir le foirceannadh na nósanna imeachta um údarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, déanfar í a iontráil sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/689 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 lena n-athnuaithe an t-údarú maidir le táirgí cadáis ghéinmhodhnaithe MON 531 (MON-ØØ531-6) a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 112, 30.4.2015, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/689/oj).

⁽⁷⁾ Painéal GMO EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2025. Measúnú ar chadás géinmhodhnaithe MON 88913 i ndáil lena údarú a athnuachan faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 (sainchomhad GMFF-2023-21234). *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2025; 23(5):9377. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9377>.

⁽⁸⁾ Painéal OGM EFSA, 2013. Tuairim Eolaíoch maidir le hiarratas (EFSA-GMO-UK-2007-41) ar chadás géinmhodhnaithe luibhicídhulangach MON 88913 a chur ar an margadh, lena húsáid i mbia agus i mbeatha, lena hallmhairiú agus lena phróiseáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Monsanto. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2013; 11(7):3311. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2013.3311>.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Foirceannadh na nósanna imeachta um athnuachan

Foirceanntar an nós imeachta um athnuachan an údaráithe maidir le haon ceann de na nithe seo a leanas a chur ar an margadh:

- (a) cadás géinmhodhnaithe (*Gossypium hirsutum* L. agus *Gossypium barbadense* L.) MON 88913;
- (b) cadás géinmhodhnaithe (*Gossypium hirsutum* L. agus *Gossypium barbadense* L.) MON 15985;
- (c) cadás géinmhodhnaithe (*Gossypium hirsutum* L. agus *Gossypium barbadense* L.) MON 1445;
- (d) cadás géinmhodhnaithe (*Gossypium hirsutum* L. agus *Gossypium barbadense* L.) MON 531 × MON 1445;
- (e) cadás géinmhodhnaithe (*Gossypium hirsutum* L. agus *Gossypium barbadense* L.) MON 531.

Airteagal 2

Seolaí

Is chuig Bayer CropScience LLC, 800 N. Lindbergh Boulevard, St. Louis, Missouri 63167, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Bayer Agriculture B.V., Scheldelaan 460, 2040 Antuairp, an Bheilg, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

Olivér VÁRHELYI

Comhalta den Choimisiún